

SUAS LEIS AN GHAEILIG²³⁷

Suas leis an Ghaeilig,
Ar aghaidh léi go deo,
Is rófhada bhí sí faoi smúid ghlais 's faoi cheo.
Síos leis an Bhéarla is le násaí Sheáin Bhuí,
Na násaí a bhí le seal fada 'ár gcloí.
Bhí an Béarla mar néal os cionn talamh is trá,
Dár mealladh, dár ndalladh, dár gcreachadh is dár gcrá,
Ach, a chairde mo chléibhe ó, tógaidh bhur gcroí
Tá grian gheal na Gaeilge fá dheireadh ina suí.

SOU'WEST²³⁸

Tá tú caite anois is lom,
Tá sliocht an anró ar do cheann,
Chaill tú bláth na hóige a bhí ort i dtús do shaoil,
Mar sin féin is tú grá mo chroí,
Cha scaraim leat go deo
Nó go síntear ins an chill mé le do thaobh.

Nach iomaí dainséar mór a rith mé is tú féin ariamh
Ó bharr an Phointe go dtí an Bhoilg Mhór
Sruth Phort an Deilg is an Camas Mór
Béal Phort Challa agus Droim an Ghabha?

Is iomaí barróg chasta chorrach trá
Bhris ón éan go dtí an maide thiar
Is ní tháinig truisle riamh ná scoradh ar mo cheann.
Bhí tú miotalach is dian,
Bhí tú cocáilte is buan
Bhí tú i gcónaí i gcónaí i dtólamh ar mo cheann.

Ach tá tú caite anois is lom,
Tá poill is paistí ar do cheann
Ní iontas sin ach iontas mór nach mbeadh,
Ach mar sin féin is tú grá mo chroí
Ní scaraim leat a choíche
Nó go síntear an scraith ghlas os mo chionn.

Déanfaidh mac John Eoin go beacht
Crois de na céaslannacha gan locht
Déanfaidh an seansop piliúr dian do mo cheann
Déanfaidh an t-éadach éadach taise dom san uaigh.

BEITÍ SAILÍ DAN²³⁹

Nuair a théim chun an Chamais Bhig
A sheiftiú an méid a thig
Glasán beag is glasán mór dá dtiocfadh a fháil,
Ar philleadh dom chun tí
Is mé ag teacht ar thuairisc greim bídh
Bheir sí orm aghaidh a craois sa mhéadal mhór.

Ó mo chreach is mo mhíle díth
Ná gur spreag sé in mo chroí
A ghabhail i gcleamhnas riamh le Beití Sailí Dan
Nó níl aon lá ó cuireadh an snaidhm
Orm féin is ar Bheití mhín
Nach bhfuil leatrom agus léan dom féin i ndán.

Nuair a théimse siar chun na trá
A chur amach bodóg agus leathach
Tiocfaidh mé aniar salach sronnach
Marbh tuirseach amach ón lá.
Nuair a thigim isteach 'un tí
A chur tuairisc greim bídh
Fágfaidh sí pláta brachán 'Indian' is cáfraith fúm.

Nach iomaí cnapán salach trá
A bhris ar an éan is ar an mhaide thiar
Is char baineadh truisleadh riamh ná scanradh as do chroí
Nó go n-éireofa go cruinn
Leis an fhaoileann ar an toinn
Is go dtiocfa i dtír le lasta liúdar i bPoll an Lín.

Barr an Phointe is an Bhoilg Mhór
Sruth Phort Deilg is an Camas Mór
Béal Phort Chala ó thuaidh
Go beacht is Droim a' Bhogha
Bhí tú i dtólamh ó thaoibh go taoibh
Is bhí tú i gcónaí bonn ar bhonn
Is cha dtug tú riamh do dheireadh don Oitir Mhór.

Ach tá tú caite anois is lom
Is tá sliocht an anróidh ar do cheann
Chaill tú bláth na hóige a bhí ort i dtús do shaoil.
Mar sin féin is tú grá mo chroí
Cha scaraim leat a choích'
Nó go síntear ins an chill mé le do thaoibh.

Dhéanfaidh mac John Eoin go beacht cros
De chéaslaidh a bheas gan locht
Is dhéanfaidh an curach cónair dhíon dom féin go brách
Cuirfidh Beití le mo thaoibh
Léinidh uisce de mhálaí plúir
Is dhéanfaidh an scarfa marbhfaisc orm san uaigh.

'BHFUIL AN SEANCHRÓ INS AN tSEANÁIT?²⁴⁰

'Bhfuil an seanchró ins an tseanáit
'Bhfuil an seandeilf ar an chlár
'Bhfuil an mhuc go fóill faoin leabaidh
Is an tseanchat ar an fháir?

'Bhfuil mo sheanmhadaidh Jack agus an coileán beag
Cuachta sa ghríosach mar ba ghnách?
'Bhfuil an seanchat riabhach agus an pisín beag liath
Ag ól an bhainne is ag marú luchóg mar ba ghnách?

'Bhfuil *Blackie* thíos i bPort Máis
'Bhfuil an eangach ar a béal mar ba ghnách?
'Bhfuil na bascóidí thiar i bpoll an taomtha
Is an seandeilf iontu go fóill?

'Bhfuil na brístí uisce, seaicéad uisce, i dtoiseach,
Rópa an ancaire, rópa an chrúca mar ba ghnách?
'Bhfuil Éamann Néill is a fhoireann féin
'Déanamh fortúin i dTaobh ó Thuaidh?

Seo chugainn aniar an *Blackie*
Thart aniar ó thuaidh
Níl sí rómhaith ar an iomramh
Ach tá sí níos fearr ar an tseol.

Is É Mo Chuairt Anuas Dé Domhnaigh

Is é mo chuairt anuas Dé Domhnaigh
A d'fhág faoi dhólás mé le fada
Is mé a bheith ag coimhead achan tráthnóna
San áit ar shiúil mo ghrá liom fán am seo anuraidh.

Do shúil ghorm uisce fómhair
Is do bheilín ródheas ab fhearr liom a fheiceáil
Is, a Rí-ó, nach bhfuil mé is tú pósta
Nár dheas mar a sheolfas muid chun an bhaile.

Nuair a bhí mé ins an bhaile
Ag m'athair is ag mo mháthair
Ní raibh aon ní le déanamh
Is nár bheag ab fhearrde daofu m'obair.

Ach anois tá mé sáraithe
Is gurbh fhearr liom dá mbeinn sa bhaile
Is dá mbeadh bliain ar fad sa lá
Go mbeinnse sásta a bheith ag obair.

Is dá mba liomsa flít na hÉireann
Is a bhfuil in Éirinn ó seo go Gaillimh
Go dtabharfainnse duit muir Éireann
Ar a theacht, a ghrá dhil, liomsa abhaile.

Ach, a ógánaigh, nár chiúin do gháire
Is nach dtabharfá áras di féin is dá babai
Is dar bhrí ná go dtearn tú an t-amhgar
Is gur fhág tú an páiste bocht faoi leatrom.

Ach, a choíche má ní tú m'athrach
Is i ndiaidh do bháis ná go mbeidh tú ag aithrí
Beidh tú ag siúl in do chosa tarnochta
Fríd chúlgháidh agus clocha sneachta.

Is tá cúirt fhada, ghlégheal
Ag m'athair istigh i dToraigh
Sin oileán taobh thuaidh de Éirinn
Comhgarach do shléibhte Chorrán Binne.

Ach is truagh nach bhfuil mé in Ard Lár Thoinn
Is m'aghaidh a bheith thart ar bheanna Thoraí
Mé a bheith ag éisteacht le guth na n-éan,
Is, a Dhia, nach aoibhinn don té atá i dToraigh.

Ar shuíomh idirlín 'Feis Thoraí Agus Féile Jimmí Mhairí
Bhillí.'

An t-amhrán á cheol ag John Tom Ó Mianáin ar an chlár
'Binneas Béil' 26 Meitheamh 2018.

AGUISÍN VIII

Tuairisc Shéamuis Mhic a' Bháird chuig Conradh na Gaeilge

Seo tuairisc iomlán Shéamuis Mhic a' Bháird chuig Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 1902–1903, ina gcuireann sé síos ar an obair a bhí idir lámha aige le sé mhí ón uair a ceapadh é.

Annual Report of the Gaelic League 1902–3 and Proceedings of Ard-Fheis, 1903, with Summary of Accounts, List of Branches, etc., lgh. 45–50.

[Tá an téacs seo a leanas tugtha in Seosamh Ó Ceallaigh (eag.), *As Smaointe Tig Gníomh* (Coiste Cuimhneacháin Choláiste Uladh, 2017) 173–9.

Séamus Mac a' Bháird.

Tá sé sé mhí ó toghadh mar thimire faoi Chonradh na Gaeilge mé, agus ó shin tá mé chóir a bheith i dtólamh i gContae Dhún na nGall.

Chomh luath géar agus a fuair mé scéala gur toghadh mé thoisigh mé a chur mo bhaile féin, Oileán Thoraí, in ordú sulmá bhfuígfinn é. D'iarr mé ar shagart an oileáin, an tAthair Ó Muirí, é a fhógairt ón altóir Dé Domhnaigh go mbeadh cruinniú i dteach na scoile tráthnóna. Chruinnigh na daoine go léir oíche Dhomhnaigh mar a hiarradh orthu, agus, i ndiaidh tamall cainte ón tsagart agus uaim féin, cuireadh craobh ar bun, agus réitíodh le rang a chur ar obair do na daoine. Caitheadh an chuid eile den am go haerach le ceol agus damhsa.

Lá arna mhárach d'fhág mé Oileán Thoraí agus de réir na horduithe a tháinig chugam roimh ré tharraing mé ar Thomás Ó Concheanainn a bhí ins an am seo ag obair i bparóiste Inbhir. Bhí muid i gcuideachta a chéile anseo ar feadh thrí seachtainí agus i ndiaidh eisean imeacht d'fhan